

Ceisteanna Coitianta
Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)



1. Is úinéir réadmhaoine mise agus tá suim agam sa scéim nua; céard ba chóir dom a dhéanamh?

Ba chóir d'úinéirí tithe nó árasán atá folamh ar feadh bliana ar a laghad, agus a dteastaíonn deisiúcháin uathu leis an réadmhaoin a thabhairt go dtí an caighdeán cuí do réadmhaoine ar cíós, dul i dteagmháil lena n-údaráis áitiúil agus a spéis sa scéim a léiriú.

2. Céard é an príomhbhuntaiste d'úinéirí réadmhaoine?

Más gá deisiúcháin a dhéanamh ar réadmhaoin chun é a thabhairt go dtí caighdeán gur féidir é a ligean ar cíós, íocfaidh údarás áitiúil nó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (*AHB*) as an obair dheisiúcháin sin roimh ré i gcomaoin an réadmhaoin a bheith curtha ar fáil do thithíocht shóisialta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad trí léas díreach nó Socrú Infhaighteachta ar Cíos (*RAA*) leis an Údarás Áitiúil.

3. Céard é an difríocht idir Socrú Infhaighteachta ar Cíos agus léas díreach?

Tá dhá rogha ann d'úinéirí réadmhaoine a bhíonn ag machnamh ar a gcuid réadmhaoine a chur ar fáil d'Údarás Áitiúil nó do Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta faoi *RAA* – léas díreach nó Socrú Infhaighteachta ar Cíos (*RAA*):

	Comhaontú maidir le Léas Díreach	RAA
Téarma	5 – 20 bliain	5 – 10 mbliana
Cíós	80% de ráta reatha an mhargaidh oscailte lúide suim fhritháireamh <i>RLS</i>	92% de ráta reatha an mhargaidh oscailte lúide suim fhritháireamh <i>RLS</i>
Coigilteas ó thaobh Costais	<ul style="list-style-type: none">Ní chailltear cíós le linn tréimhsí gan tionóntaíGan aon riaráiste cíosaGan aon táillí lena ligean ar cíósGan aon chostais fhógraíochta	<ul style="list-style-type: none">Ní chailltear cíós le linn tréimhsí gan tionóntaíGan aon riaráiste cíosaGan aon táillí lena ligean ar cíósGan aon chostais fhógraíochta

1 Feabhra 2018

Ceisteanna Coitianta
Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

	<ul style="list-style-type: none"> Gan aon táille clárúcháin tionóntachta leis an RTB Gan aon chostais chothabhála laethúla 	
Bainistíocht Tionóntaí	Freagracht an Údaráis Áitiúil/AHB Is é an tÚdarás Áitiúil an tiarna talún	Freagracht Úinéir na Réadmhaoine Is é Úinéir na Réadmhaoine an tiarna talún
Cothabháil	Freagracht an Údaráis Áitiúil/AHB	Freagracht Úinéir na Réadmhaoine

4. Céard iad na réadmhaoine atá oiriúnach?

Tá roinnt coinníollacha bainteach leis an scéim:

- caithfidh an réadmhaoin a bheith folamh 12 mí ar a laghad roimh iarratas a dhéanamh: teastóidh cruthúnas folúntais;
- caithfidh éileamh a bheith ar an réadmhaoin do thithíocht shóisialta;
- caithfear measúnú a dhéanamh ar an réadmhaoin féachaint an bhfuil sé inmharthana ó thaobh tithíocht shóisialta a chur ar fáil.

Má chomhlíonann an réadmhaoin na ceanglais seo déanfaidh baill foirne ón údarás áitiúil nó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta imscrúdú uirthi a aithneoidh na hoibreacha is gá a dhéanamh leis an teach a thabhairt go dtí an caighdeán cuí.

Más mian leis an úinéir Socrú Infhaighteachta Cíosa (RAA), nó comhaontú díreach maidir le léas, a dhéanamh leis an údarás áitiúil nó le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta chun an réadmhaoin a chur ar fáil do thithíocht shóisialta, beidh feidhm leis na coinníollacha seo a leanas ina leith -

- is é 5 bliana íostéarma an RAA/léasa
- is é 10 mbliana uastéarma an RAA agus é is 20 bliain uastéarma an léasa díreach;
- beidh íocaíochtaí an RAA bunaithe:
 - ar théarmaí ginearálta na RAAanna atá socruithe ag 92% (95% d'árasáin) de rátaí cíosa reatha an mhargaidh san áit ina bhfuil an réadmhaoin suite;
- beidh íocaíochtaí léasanna díreacha bunaithe -
 - ar na téarmaí ginearálta a bhaineann leis an léas atá socruithe ag 80% (85% d'árasáin) de rátaí cíosa reatha an mhargaidh san áit ina bhfuil an réadmhaoin suite;
- beidh an dá íocaíocht faoi réir coigeartú eile chun costas na hoibre deisiúcháin/uasghrádaithe a fhritháireamh go dtí go mbeidh costas na hoibre aisíochta.

Aontófar scóip agus costas na n-oibreacha a theastaíonn, chun na Caighdeáin do Thithe ar Cíos a chomhlíonadh, agus cúiteamh chostas na n-oibreacha trí na híocaíochtaí RAA/léasa, idir an t-úinéir agus an t-údarás áitiúil/AHB.

5. Céard é an t-íoschaighdeán a éilítear?

1 Feabhra 2018

Arna maoiniú ag Rialtas na hÉireann faoi *Atógáil* na hÉireann, Plean Gníomhaíochta le haghaidh Tithíochta agus Easpa Dídine

Ceisteanna Coitianta Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

Leagfaidh gach údarás áitiúil a riachtanais shainiúla féin amach do réadmhaoine. Ach beidh feidhm leo seo a leanas i ngach ceantar:

- Caithfidh bail mhaith struchtúrach a bheith ar na réadmhaoine agus déanfaidh an t-údarás áitiúil nó *AHB* imscrúdú orthu;
- Caithfidh na réadmhaoine na **Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos)2017** a chomhlíonadh (féach nasc <http://www.housing.gov.ie/housing/private-rented-housing/inspections/minimum-standards-rented-accommodation>);
- Éileofar teastais *BER* do gach réadmhaoin. D'fhéadfadh go mbeadh feidhm le híoschritéir *BER* i gceantair údaráis áitiúil áirithe.

Ceanglófar ar úinéirí réadmhaoine freisin cruthúnas faoi úinéireacht an tí agus faoi chomhlíonadh cánach a chur ar fáil. Beidh an fhreagracht ar an úinéir a chinntiú go dtéann sé i gcomhairle leis an soláthraí morgáiste/airgeadais agus a gcead a fháil chun socrú léasaithe a dhéanamh, más gá.

6. Cén ról a bheidh ag na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (*AHBanna*)?

Beidh *AHBanna* ag obair le húdaráis áitiúla agus le húnéirí réadmhaoine trí réadmhaoine a aithint agus trí oibriú le húnéirí réadmhaoine chun na réadmhaoine a thabhairt go dtí an caighdeán cuí.

Féadfaidh *AHBanna* socrú léasa le húnéirí réadmhaoine a shíniú thar ceann, agus le haontú údarás áitiúil. Déanfaidh na *AHBanna* ansin na réadmhaoine seo a bhainistiú thar ceann na n-údarás áitiúil. Tionóntaí tithíochta sóisialta a bheidh sna tionóntaí a shealbhóidh na réadmhaoine sin.

7. Cé dhéanfaidh imscrúdú ar an réadmhaoin?

Má mheastar an réadmhaoin a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta agus i gceantar ina mbíonn éileamh ar thithíocht shóisialta, socróidh an t-údarás áitiúil nó *AHB* cuairt a thabhairt ar láthair na réadmhaoine chun bail na réadmhaoine a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal na ndeisiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an réadmhaoin a thabhairt go dtí an caighdeán cuí.

Ag deireadh na cuairte ar an láthair, cuirfidh an t-údarás áitiúil nó *AHB* seicliosta ar fáil d'úinéir na réadmhaoine bunaithe ar na Caighdeáin do Thithe ar Cíos (féach alt 5 thuas).

8. An mbeidh ar úinéir na réadmhaoine conraitheoir a fháil leis an obair a thabhairt chun críche?

Más mian le húnéir na réadmhaoine an réadmhaoin a chur ar fáil faoi shocrú léasa le húdarás áitiúil nó *AHB*, síníonn an dá pháirtí Comhaontú Léasa sa chás sin. Is léiríú é seo ar aontú úinéir na réadmhaoine maidir le fad shocrú an léasa, cíós margaidh na réadmhaoine agus sceideal na n-oibreacha atá riachtanach.

Tá dhá rogha ann maidir leis na hoibreacha riachtanacha a chur i gcrích.

1 Feabhra 2018

Ceisteanna Coitianta
Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

- A. Déanann úinéir na réadmhaoine socrú maidir le conraitheoir, nó**
- B. Fostaíonn údarás áitiúil/AHB conraitheoir**

Rogha A:

Tar éis na cuairte tosaigh ar an láthair ag an údarás áitiúil nó *AHB*, beidh an t-úinéir réadmhaoine freagrach as sceideal oibreacha a ullmhú agus caithfidh sé meastachán i gcomhair na n-oibreacha a fháil ansin agus caithfear é seo a aontú leis an Údarás Áitiúil/AHB sula dtosaíonn an obair. Caithfidh conraitheoir ceadaithe atá comhlíontach go hiomlán maidir le cúrsaí cánach na hoibreacha deisiúcháin agus athchóirithe a dhéanamh agus caithfidh an fhianaise riachtanach ar fad, gur mar sin atá, a bheith curtha ar fáil don ÚA nó *AHB* de réir mar is gá.

Ar chríochnú na n-oibreacha ba chóir d'úinéir na réadmhaoine a shocrú go gcuirfidh an conraitheoir sonrasc ar fáil agus é seo a chur i láthair an Údaráis Áitiúil/AHB. Socróidh an t-Údarás Áitiúil/AHB ansin go dtabharfar cuairt ar láthair na réadmhaoine agus má bhíonn na hoibreacha go léir déanta go dtí an caighdeán atá riachtanach, cuirfidh an Údarás Áitiúil/AHB an méid atá aontaithe ar fáil d'úinéir na réadmhaoine leis an sonrasc a íoc. Caithfear cruthúnas ar an íocaíocht don chonraitheoir a chur ar fáil don Údarás Áitiúil/AHB faoi cheann 10 lá oibre.

Rogha B:

Maidir le húinéirí réadmhaoine nach mbeadh i riocht b'fhéidir conraitheoir a fhostú, féadtar na hoibreacha deisiúcháin a chur á ndéanamh ag an Údarás Áitiúil/AHB nó thar a gceann. Roimh thús a chur leis na hoibreacha caithfidh úinéir na réadmhaoine Comhaontú agus Ceadúnas Úinéara Tithe a chomhlánú a thugann údarás don Údarás Áitiúil/AHB oibreacha a dhéanamh ar an réadmhaoin.

9. An bhfuil uasluach ar oibreacha a cheadaítear faoin scéim?

Is é aidhm an tionscnaimh réadmhaoine oiriúnacha a athchóiriú go dtí an caighdeán cuí do thithe ar cíós. Aontóidh an t-údarás áitiúil nó *AHB* le úinéir na réadmhaoine na hoibreacha sonracha agus costais ghaolmhara ina gceann agus ina gceann ag féachaint don bhail atá ar an réadmhaoin. Ní theastóidh oibreacha suntasacha ó gach réadmhaoin chun iad a thabhairt go dtí an caighdeán cuí. Ach aithnítear ina dhiaidh sin go bhféadfadh go dteastódh deisiúchán níos déine ó chuid acu, go háirithe iad siúd a bhí folamh b'fhéidir ar feadh tréimhse níos faide. Is é €40,000 uaschostas na ndeisiúchán a cheadaítear faoin tionscnamh do thithe/árasáin, CBL san áireamh. Os rud é gurb é úinéir na réadmhaoine atá ag íoc as na deisiúcháin seo trí fhritháireamh in aghaidh ioncaim chíosa, is chun leasa úinéir na réadmhaoine nach mbeadh costais an deisiúcháin iomarcach.

I gcás go mbíonn an réadmhaoin atá á tábhairt faoi chuimsiú na scéime ina áitreabh cosúil le “seomra suí is leapa”, féadfar cead a lorg leis an maoiniú a bheidh ar fáil a mhéadú go dtí €50,000, CBL san áireamh.

10. An gá go mbeadh an réadmhaoin faoi throsacán?

1 Feabhra 2018

Ceisteanna Coitianta Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

Caithfidh troscán agus fearais áirithe a bheith ag gach réadmhaoín dá léasaítear faoin gClár Caiteachais Tithíochta Sóisialta Reatha (SHCEP). Aontaítear cíos margaidh ar bhonn réadmhaoine faoi throscán de ghnáth. Is fachtóir é an troscán agus na fearais a chuirtear ar fáil laistigh de réadmhaoín agus leibhéal chíos an mhargaidh á chomhaontú. Féadfar an costas maidir leis an troscán riachtanach a sholáthar a chur san áireamh, faoi réir comhaontaithe leis an Údarás Áitiúil faoin troscán a bheadh riachtanach, na costais chúí agus fianaise admhálacha ceannaigh. I gcásanna áirithe áit a mbíonn na hoibreacha á ndéanamh ag conraitheoir is féidir go mbeadh sé indéanta “pacáiste troscáin” a lorg mar chuid den chonradh.

Is treoir é an liosta thíos maidir leis an troscán atá riachtanach:

- a. Caithfidh clúdach urláir cuí a bheith i ngach seomra nó i ngach cuid den réadmhaoín. Ba chóir go mbeadh clúdaigh chúí ar na fuinneoga go léir, e.g. dallóga agus/nó cuirtíní.
- b. Ba chóir go mbeadh caibinéad seomra folctha agus sciath chithfholcadáin leordhóthanach san áireamh i ngach seomra folctha/en-suite. Ba chóir go mbeadh clúdaigh urláir sna háiteanna seo uiscefhriotáíoch.
- c. Ba chóir go mbeadh leaba ar mhéid chúí don seomra sin i ngach seomra codlata. Ba chóir go mbeadh bonn leapa agus tocht ar a laghad i ngach leaba. Ba chóir go mbeadh vardrús amháin ar a laghad (comhtháite nó saorsheasaimh) i ngach seomra.
- d. Ba chóir go mbeadh bord agus líon leordhóthanach cathaoireacha sa seomra bia a d'oirfeadh don líon áititheoirí a bhfuil coinne leo. Ba chóir go mbeadh svuít troscáin ar a laghad sa seomra suí a bheadh oiriúnach do mhéid an tseomra.
- e. Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas ar a laghad san áireamh sa chistin:
 - Cócaireán/oigheann agus hab 4 fáinne;
 - Aonad cuisneora-reoiteora nó cuisneoir agus reoiteoir ar leith;
 - Inneall Níocháin (d'fhéadfadh go dteastódh triomadóir freisin i gcásanna áirithe);
 - Cochall cócaireáin nó fean eastarraingte.

11. Cé mhéad cíosa ar féidir le úinéir na réadmhaoine a bheith ag súil leis on gcíos?

Aontófar cíosanna trí idirbheartaíocht leis an ÚA/AHB. Is é 92% (95% i gcás árasán) den chíos an mhargaidh an t-uaschíos a aontófar faoi théarmaí *RAAnna*; faoi léasú díreach, is é 80% (85% i gcás árasán) den chíos reatha an mhargaidh a bheidh i gceist leis an ráta. Déanfar athbhreithnithe ar chíos gach 3 nó 4 bliana de ghnáth, rud a bheith le haontú leis an údarás áitiúil.

Déanfar costas na ndeisiúchán a fhritháireamh in aghaidh na híocaíochta cíosa aontaithe go dtí go mbeidh luach na n-oibreacha aisíochta. Aontóidh an tÚdarás Áitiúil leis an úinéir réadmhaoine, ar bhonn cás ar chás, an tréimhse fritháirimh chúí, ús san áireamh, ar an tsuim caipitil a táirgeadh. D'fhéadfaí go mbeadh cásanna san áireamh sna socruithe seo ina ndéanfaí an fritháireamh trí thréimhse saor ó chíos; laghdú seasta thar fad an léasa nó téarma atá scálaithe in aghaidh fad an léasa.

1 Feabhra 2018

Ceisteanna Coitianta Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

Ar an iomlán, áirítear iad seo a leanas i measc buntáistí RLS d'úinéir na réadmhaoine-

- Cíos cinnte ar réadmhaoin nach raibh aon ioncam á ghiniúint aici;
- Uasghrádú ar réadmhaoin a rachadh in anchaoi d'uireasa RLS;
- Ní chailtear cíos le linn tréimhsí gan tionóntaí;
- Ní gá cíos a bhailiú nó tionóntaí nua a aimsiú;
- Costais fógraíochta a sheachaint.

12. Céard é íosfhad léasa?

Is é cúig bliana an t-íosfhad léasa. Ag brath ar luach na ndeisiúchán, d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil/AHB éileamh go mairfeadh tréimhse léasa suas le 20 bliain. Déanfar costas na ndeisiúchán a fhritháireamh in aghaidh na híocaíochta cíosa aontaithe go dtí go mbeidh luach na n-oibreacha aisíochta. Aontóidh an t-údarás áitiúil nó AHB leis an úinéir réadmhaoine, ar bhonn cás ar chás, an tréimhse fritháirimh chuí.

D'fhéadfaí go mbeadh cásanna san áireamh sna socruithe seo ina ndéanfaí an fritháireamh trí thréimhse saor ó chíos; laghdú seasta thar fad an léasa nó téarma atá scálaithe in aghaidh fad an léasa, faoi mar atá leagtha amach sna samplaí sa tábla thíos.

Costas deisiúchán	Íosfhad an léasa	Fritháireamh le glanadh faoi
Suas le 5,000	5 bliana	5ú Bliain
Suas le 10,000	10 mbliana	8ú Bliain
Suas le 20,000	15 bliana	12ú Bliain
Sa bhreis ar 20,000	20 bliain	15ú Bliain

Tá sé tábhachtach go dtugann úinéirí réadmhaoine aire do leibhéal an mhaoiniúcháin atá á lorg, do leibhéal na n-aisíocaíochtaí agus d'fhad an chomhaontaithe lena chinntiú go mbíonn íocaíochtaí an léasa ar leibhéal lena gcinnteofar go n-aisíocófar an maoiniú bunaidh i gcaitheamh an téarma. Beidh ar an úinéir aon dliteanas cánach a thabhairt san áireamh freisin agus leibhéal na haisíocaíochta á mheas acu. B'fhéidir nach mbeidh aontuithe níos gearrthearmaí oiriúnach ach amháin i limistéir mar a mbíonn leibhéil chíos an mhargaidh níos áirde nó mar a mbíonn costas na ndeisiúchán ar leibhéal níos ísle.

13. Cé a bheidh freagrach as cothabháil na réadmhaoine?

1 Feabhra 2018

Arna maoiniú ag Rialtas na hÉireann faoi *Atógáil* na hÉireann, Plean Gníomhaíochta le haghaidh Tithíochta agus Easpa Dídine

Ceisteanna Coitianta Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

Is é an t-úinéir a bheidh freagrach as árachas struchtúrach, as cothabháil struchtúrach agus as deisiúchán struchtúrach. Is é an t-úinéir a bheidh freagrach as aon mhuirear seirbhíse ag cuideachta bainistíochta a íoc (árasáin amháin de ghnáth), agus aon mhuirir eile a bhfuil an t-úinéir réadmhaoine faoi dhliteanas ina leith e.g. Cáin Mhaoine Áitiúil (*LPT*).

I gcás chomhaontú *RAA*, beidh an t-úinéir réadmhaoine ina thiarna talún don tionónta agus bainisteoidh agus soláthróidh sé nó sí tacaíocht dá t(h)ionóntaí agus an réadmhaoin a chothabháil go himheánach le linn tréimhse an aontaithe. Faoi chomhaontú maidir le léas, bainisteoidh an t-údarás áitiúil nó *AHB* na freagrachtaí sin. Tabharfar réadmhaoine ar ais d'úinéir na réadmhaoine agus bail mhaith uirthi ag deireadh téarma an léasa, faoi réir ag gnáthcaitheamh agus gnáthchuimilt. I gcásanna áirithe féadfaidh úinéir na réadmhaoine aontú leis an údarás áitiúil go mbeadh 'céadrogha ar cheannach' san áireamh mar choinníoll sa léas. Tugann sé seo an rogha don údarás áitiúil an réadmhaoin a cheannach le linn téarma an léasa. Caithfidh an dá pháirtí a bheidh ar aon fhocal faoin gcoinníoll seo a chur san áireamh agus féadtar idirbheartaíocht a dhéanamh faoi na téarmaí sonracha.

Beidh an fhreagracht ar úinéir na réadmhaoine a chinntiú go dtéann sé i gcomhairle leis an soláthraí airgeadais/iasachtóir agus a gcead a fháil chun dul isteach i *RAA*/socrú léasaithe, más gá.

14. An mbeidh úinéir na réadmhaoine ina t(h)iarna talún?

I gcás go n-úsáidfear *RAA*, síníonn úinéirí réadmhaoine aontú infhaighteachta leis an údarás áitiúil. Faoi théarmaí an aontaithe seo, aontaíonn an t-úinéir réadmhaoine leis an réadmhaoin a chur ar fáil ar feadh tréimhse shonrach do dhaoine arna n-ainmniú ag an údarás áitiúil agus leis an réadmhaoin a chothabháil agus bail oiriúnach lena ligean amach air. Le *RAA*, beidh an t-aontú tionóntachta idir an t-úinéir réadmhaoine agus an tionónta ainmnithe. Is é an t-úinéir réadmhaoine an tiarna talún agus is aige nó aici a bhíonn na freagrachtaí mar thiarna talún.

Faoi chomhaontú maidir le léas, táirgfear an réadmhaoin don údarás áitiúil nó don *AHB* mar chóiríocht do theaghlach atá faofa ag an údarás áitiúil do thithíocht. Síneoidh tionóntaí aontú tionóntachta leis an údarás áitiúil nó leis an *AHB*. Is é an t-údarás áitiúil nó *AHB* a bheidh ina thiarna talún agus is acu a bhíonn freagrachtaí tiarna talún.

15. Céard a tharlaíonn má theastaíonn mo réadmhaoin ar ais uaim roimh dheireadh téarma an *RAA* / léasa?

Faoi *RAA* / shocrú léasa fadtéarmach, is é 5 bliana ar a laghad an téarma a bheidh i gceist.

I ngach cás beidh clásal aisghlámtha san áireamh san aontú má tharraingítear an réadmhaoin siar nó mura mbíonn sé ar fáil a thuilleadh roimh dheireadh na tréimhse fritháirimh den léas. Cinnteoidh sé seo go n-aisíoctar luach na n-oibreacha, as ar íoc ag tÚdarás Áitiúil/*AHB* cheana, go hiomlán in éineacht le suim chuí an úis.

16. An féidir liom an réadmhaoin a dhíol le linn an téarma?

1 Feabhra 2018

Ceisteanna Coitianta Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (RLS)

Faoi RAA / shocrú maidir le léas fadtéarmach is féidir le húinéir na réadmhaoine an réadmhaoine a dhíol i rith an téarma, ar an gcoinníoll go n-aistrítear an RAA/comhaontú léasa chuig an úinéir nua agus go gcuirtear an t-údarás áitiúil nó AHB ar an eolas roimh ré.

17. Céard a tharlaíonn má dhéanann an tionónta damáiste don réadmhaoine?

Faoi shocrú díreach maidir le léas, caithfear an réadmhaoine a thabhairt ar ais d'úinéir na réadmhaoine ag deireadh an téarma agus bail mhaith uirthi, seachas gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt. Faoi RAA, bíonn an t-úinéir réadmhaoine freagrach as cothabháil agus deisiúcháin inmheánacha, ach i rith téarma an léasa dhírigh, beidh an t-údarás áitiúil nó AHB freagrach as cothabháil agus deisiúcháin inmheánacha.

Ag dul isteach in aontú léasaithe dóibh, glacann úinéirí réadmhaoine leis go mb'fhéidir nach dtabharfar troscán agus fearais ar ais ag deireadh an téarma léasa. Rachaidh aon troscán nó fearais atá fágtha sa réadmhaoine ar ais i seilbh úinéir na réadmhaoine agus níl siad faoi réir an cheanglais iad a bheith sa bhail chéanna ina raibh siad ag tús an léasa, faoi réir ag gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt.

18. Cé mhéad airgid a leithdháileadh ar an scéim?

Mar chuid de chur chun feidhme Atógáil na hÉireann, leithdháileadh €140m milliún faoi chomhair an chostais a bhaineann le maoiniú deisiúcháin riachtanacha ar réadmhaoine go dtí 2021. Tá €32m san iomlán curtha ar fáil i gcomhair 2018 agus 800 réadmhaoine ina targaid faoin straitéis.

19. Cé mhéad réadmhaoine lena bhfuiltear ag súil le bheith ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta faoin scéim?

I gcaitheamh an chéad chúig bliana eile, táthar ag spriocdhíriú ar 3,500 réadmhaoine a thabhairt faoi chuimsiú na scéime le haghaidh tithíochta sóisialta.